



Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--	--

General Certificate of Secondary Education
2023

Teicneolaíocht Dhigiteach

Aonad 1: (Croí-Ábhar Éigeantach)

Teicneolaíocht Dhigiteach



[GDG11]

GDG11

DÉARDAOIN 18 BEALTAINE, IARNÓIN

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.

Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.

Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** den **dá** cheist **déag**.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 90 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **11(a)**.

13768.02



24GDG1101

1 Comhlánaigh an tábla thíos.

(a) Cuir **ceann amháin** de na téarmaí seo a leanas in aice leis an tsainmhíniú cheart. (Ní bhainfear úsáid as gach téarma).

BEART	GIOTÁN	CILIBHEART
	Sainmhíniú	Téarma
	An t-aonad is lú de shonraí digiteacha atá léirithe ag ceachtar acu 0 nó 1	[1]
	Cuireann sé síos ar ocht ndigit dhénártha	[1]

(b) Faigheann dalta scór de 51 i Modúl Ríomhaireachta. Luaigh an cineál sonraí is cuí le scór an dalta a stóráil.

_____ [1]



(c) Anseo thíos tá sampla de na torthaí a fuair dalta ina scrúduithe téarma.

Cód	Modúl	Marc	Nótaí
CM101	CUMARSÁID	57	
CM11	RÍOMHAIREACHT	51	
MT101	MATAMAITIC 1	72	MEÁN MHATAMAITIC 1 & 2 = 76%
MT102	MATAMAITIC 2	79	COIBHÉIS GCSE MHATAMAITIC 2 = "B"
CM12	GNÓ	75	
	MEÁNMHARC do 5 MHODÚL	67	

On tábla thuas:

(i) Sainaithin mír amháin de Shonraí	[1]
(ii) Sainaithin píosa amháin d'Fhaisnéis	[1]

[Tiontaigh an leathanach

13768.02



24GDG1103

2 Tá íomhá á cruthú ag Cassie ag úsáid pacáiste bogearraí grafaicí.

(a) Sa tábla thíos, cuir tic (✓) in aice le trí ráiteas atá fíor faoi ghrafaicí veicteora.

Ráiteas	Tic (✓)
Má shíntear í féadann an íomhá éirí geamhach (doiléir)	
Ní bhraitheann cáilíocht na híomhá ar thaifeach	
Glacann an íomhá a lán spás stórála	
Is féidir an íomhá a shíneadh gan soiléire a chailleadh	
Ní bhíonn gá le luachanna aonair picteilín a stóráil	

[3]

(b) Cad é an éifeacht a bhíonn ag taifeach na híomhá ar mhéid na híomhá?

[2]

Tá Cassie ag breathnú ar fhíseán ar líne.

(c) Ciorclaigh an ráiteas ceart faoi mhaolánú.

Úsáidtear maolánú leis an chur isteach ar bhreathnú a íoslaghdú	Úsáidtear maolánú le míreanna an fhíseáin a taispeánadh a choinneáil
---	--

[1]



Athraíonn Cassie an ráta samplála ar chomhad fuaime a chruthaigh sí.

(d) Sa tábla thíos, ticeáil (✓) an ráiteas atá fíor faoi chomhad fuaime Cassie.

Ráiteas	Tic (✓)
Méadaítear cáilíocht an chomhaid fuaime nuair a mhéadaítear an ráta samplála	
Laghdaítear méid an chomhaid nuair a mhéadaítear an ráta samplála	

[1]

(e) Cad é dó a seasann na litreacha *ADC*?

[1]

(f) Cuir na focail seo a leanas san áit cheart leis an abairt thíos faoi theicnící an chomhbhrú a chomhlánú.

NEAMHCHAILLTEACH

CAILLTEACH

Is féidir comhad a aiscur go dtí a staid bhunaidh ag úsáid

comhbhrú _____ . Is modh de chomhbhrú é comhbhrú

_____ a chiallaíonn nach féidir na sonraí a bhfuarthas

réidh leo ó chomhad a aisghabháil riamh.

[2]

[Tiontaigh an leathanach

13768.02



24GDG1105

3 Oibríonn Sinéad do chomhlacht bogearraí. Chruthaigh sí bunachar sonraí le sonraí faoi thionscadail cliant a stóráil maidir le gach cliant agus foireann a d'oibrigh ar gach tionscadal.

(a) Úsáid na focail liostaithe thíos leis na habairtí a chuireann síos ar na heochairghnéithe de bhunachar sonraí a chomhlánú. (Ní úsáidfear gach focal ach aon uair amháin.)

TAIFEAD TÁBLAÍ TUAIRISC IARRATAS MACRA FOIRM

Coinneofar sonraí atá stóráilte i mbunachar sonraí i gceann amháin nó níos mó de _____ [1].

Beidh eochair-réimse ag gach tábla a úsáidtear le gach _____ [1] a shainaithint go sainiúil.

Is féidir _____ [1] a úsáid le critéir le sonraí ar leith a aimsiú i mbunachar sonraí. Ansin, is féidir na sonraí seo a thaispeáint i bhformáid atá áisiúil don úsáideoir ag úsáid _____ [1].

Is féidir _____ [1] a úsáid le sonraí a chur le bunachar sonraí.

Is féidir roinnt tascanna sa bhunachar sonraí a uathoibriú ag úsáid _____ [1].



Tá roinnt uathsheiceálacha bailíochtaithe i mbunachar sonraí Shinéad.

(b) Seachas seiceáil láithreachta, úsáid na cuir síos liostaithe thíos leis an tseiceáil bailíochaithe is cuí a shainaithint do gach réimse atá ar taispeáint.

AinmRéimse	Tábla	Cur Síos	Modh Bailíochtaithe
clientID	clientTBL	Eochair-réimse Ní mór dó tosú le C le 5 caractar uimhriúla ina dhiaidh, m.sh. C12345	[1]
projectlength	projectTBL	Ní mór dó a bheith níos mó ná 1 lá agus níos lú ná 100 lá	[1]
staffsurname	staffTBL	Ní féidir ach caractair aibíteacha a bheith ann	[1]

[Tiontaigh an leathanach



- 4 Tá Mia i mbun ionad garraíodóireachta agus tá cúigear ball foirne fostaithe aici. Úsáideann sí scarbhileog le méid iomlán an phá a íocann sí lena foireann go seachtainiúil a ríomh.

Taispeántar cuid den scarbhileog thíos.

	A	B	C	D	E	F	G
1	An tSeachtain Dar Tús		06/06/2023				
2	Ainm	Ráta san Uair	Uaireanta an Chloig Oibrithe / Seachtain	Pá Iomlán	Cáin Asbhainte	Méid Cánach	Glanphá
3	Máire Ní Dhuibh	£15.00	35	£525.00	TÁ	£105.00	£420.00
4	Val Ó Dubhagáin	£10.50	35	£367.50	TÁ	£73.50	£294.00
5	Omar Mac Dubhghlais	£10.00	30	£300.00	TÁ	£60.00	£240.00
6	Seán Ó Baoill	£17.50	35	£612.50	TÁ	£122.50	£490.00
7	Jeff Mac Seóin	£10.50	20	£210.00	NÍL	£0.00	£210.00
8			155	£2,015.00		£361.00	£1,654.00
9							
10	Ráta Cánach	0.2					
11							
12	Tuilleamh roimh Cháin		£210				

- (a) Cad é an modh formáidithe a úsáideadh ar chealla A12 agus B12?

_____ [1]



(b) Luaigh an fhoirmle a úsáidtear sna cealla seo a leanas.

(i) C8 _____ [1]

(ii) D3 _____ [1]

Tá dearbhtagairt chille san fhoirmle i gcill F3.

(c) Mínigh cad é a chiallaíonn dearbhtagairt chille.

_____ [2]

(d) Sa tábla thíos, cuir tic (✓) taobh leis an fhoirmle a úsáidtear i gcill E3.


Foirmle	Tic (✓)
=IF(D3<C12, "TÁ","NÍL")	
=IF(D3>C12, "TÁ","NÍL")	
=IF(D3>=C12, "TÁ","NÍL")	

[1]

[Tiontaigh an leathanach



Chruthaigh Mia cairt le faisnéis a thabhairt di maidir le pá foirne.



(e) Cad é an t-ainm atá ar an chineál cairte seo?

_____ [1]

(f) Luaigh **trí** raon cille a d'úsáid Mia leis an chairt thuas a chruthú.

1. _____

2. _____

3. _____ [3]

(g) Luaigh an téarma a chuireann síos ar leagan amach réamhfhormáidithe inar féidir sonraí a chur leis.

_____ [1]





LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

13768.02



24GDG1111

5 Tá Omar i mbun gnólacht beag a bhíonn ag monarú páirteanna do rothair. Tá a ríomhchórais féin ag a fhoireann.

(a) Cad é dó a seasann na litreacha LAP (*CPU*) maidir le ríomhchóras?

_____ [1]

(b) Liostaigh **dhá** acmhainn atá bainistithe ag an chóras oibriúcháin i ríomhchóras.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(c) Scríobh an téarma ceart in aice leis an tsainmhíniú leis an tábla thíos a chomhlánú. (Ní bhainfead úsáid as gach téarma).

Ilascáil	Fíor-am	Ilúsáideoirí
Sainmhíniú	Téarma	
Próiseáiltear sonraí láithreach ar a mbailiú		
Déanann sé bainistiú ar roinnt an ama LAP (<i>CPU</i>) agus na n-acmhainní atá de dhíth ar go leor úsáideoirí		

[2]

(d) Cé acu grúpa bogearraí a mbaineann díbhloghadh leis?

_____ [1]



(e) Comhlánaigh an tábla seo a leanas ag lua cé acu atá micreafón agus taispeáint ardghléine ina ngairis ionchuir nó aschuir agus ansin luaigh sampla úsáide. Tá an chéad cheann comhlánaithe duit.

Gaireas	Ionchur nó Aschur	Sampla Úsáide
Rialaitheoir cluichíochta	Ionchur	Físchluiche a imirt
Micreafón	[1]	[1]
Taispeáint ardghléine	[1]	[1]

[Tiontaigh an leathanach

13768.02



24GDG1113

- 6 (a) Mol meán cuí cumarsáide ón liosta atá curtha ar fáil maidir le gach ceann de na tascanna thíos. (Ná húsáid gach meán cumarsáide ach aon uair amháin.)

Snáthoptaic	Bluetooth	Wi-Fi	5G
Tasc	Meáin		
Fón póca a nascadh le cluasáin gan sreang			
Comhaid chomhlachta a rochtain tríd an néal agus tú ag taisteal			
LAN de chuid gnólachta a nascadh leis an Idirlíon			
Teilifís chliste a nascadh le líonra baile			

[4]

- (b) Cad é is Idirlíon na nEarraí ann?

[1]





LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

13768.02



24GDG1115

7 Oibríonn Micheál do chomhlacht a cheadaíonn obair sholúbtha. Nascann Micheál le LAN nuair a bhíonn sé ag obair san oifig i mBéal Feirste.

(a) Cad é dó a seasann na litreacha LAN?

_____ [1]

(b) Bain úsáid as na focail liostaithe leis an abairt faoi LAN a chomhlánú.

Ródaire Lasc

Úsáidtear an _____ [1] leis an líonra a nascadh leis an Idirlíon.

Ar líonra sreangaithe, nascfaidh gach gaireas le _____ [1] ag

úsáid cáblaí *Ethernet*.

Úsáideann an comhlacht líonra bus.

(c) Tarraing agus lipéadaigh léaráid lena thaispeáint an dóigh a bhfuil ríomhairí nasctha ar líonra bus.

[3]



(d) Luaigh tairbhe **amháin** don chomhlacht as a ríomhairí a nascadh le chéile i líonra.

[1]

(e) Cad é an fheidhm atá le Cárta Comhéadain Líonra i ríomhaire?

[1]

[Tiontaigh an leathanach

13768.02



24GDG1117

8 Bíonn fadhbanna slándála ag baint le cumarsáid a dhéanamh ar líne.

(a) Cad é is prótacal cumarsáide ann?

[2]

(b) Cé acu de na prótacail seo a leanas *FTP* nó *HTTPS* atá de dhíth le cinntiú go bhfuil sonraí tarchurtha slán?

[1]

(c) Minigh cad é a chiallaíonn ionsaí ríomhphoist “fioscaireachta”.

[1]

(d) Cuir an téarma ceart in aice leis na sainmhínithe sa tábla. (Ní bhainfeadh úsáid as gach téarma).

PÉIST EARRAÍ SPIAIREACHTA VÍREAS EOCHAIRLOGÁLAÍ

Sainmhíniú	Téarma
Bailíonn sé faisnéis úsáideoirí gan chead agus seolann sé í go dtí cianríomhaire	
Bogearraí atá ábalta féinmhacasamhlú ar líonraí agus bheith ina gcúis le damáiste do shonraí	
Bogearraí a úsáidtear le gach eochairbhuille ar ríomhaire a thaifeadadh	

[3]



Úsáideann eagraíochtaí criptiú le sonraí a chosaint.

(e) Míneigh an téarma criptiú.

[2]

[Tiontaigh an leathanach

13768.02



24GDG1119

9 Tá go leor comhlachtaí ag baint úsáid as néalstóráil nó néalríomhaireacht anois.

(a) Cad é is néalríomhaireacht ann?

[2]

(b) Liostaigh **dhá** bhuntáiste do chomhlacht as néalríomhaireacht a úsáid.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(c) Luaigh **dhá** dhóigh ar féidir le néalríomhaireacht cuidiú le cluichire ar líne.

1. _____

2. _____

[2]



10 Ceannaíonn Jim cluiche nua ríomhaire. Déanann sé cóip de agus tugann sé dá chara é.

(a) Cad é an dlí atá sáraithe aige?

_____ [1]

(b) Tá tábla thíos ina bhfuil sé phrionsabal. Cuir tic (✓) in aice le le **dhá** phrionsabal d'Acht um Chosaint Sonraí atá mícheart.

Prionsabal	Tic (✓)
Ba chóir sonraí a úsáid go cothrom agus go dleathach.	
Ba chóir go mbeadh sonraí imleor agus ábhartha don chuspóir dá mbailíodh iad.	
Ba chóir sonraí a choinneáil gan slándáil.	
Ba chóir sonraí a choinneáil chomh fada agus a bheartaíonn úsáideoir na sonraí.	
Ba chóir sonraí a phróiseáil taobh istigh de chearta an duine is ábhar do na sonraí.	
Ba chóir sonraí a choinneáil cruinn agus suas chun dáta.	

[2]

(c) Luaigh freagracht **amháin** atá ag gach ceann de na daoine seo a leanas maidir leis an Acht um Chosaint Sonraí.

(i) Coimisinéir Faisnéise

_____ [1]

(ii) Rialaitheoir Sonraí

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach



11 Tá úsáid mhéadaithe na teicneolaíochta digití i ndiaidh dul i bhfeidhm ar fhostaíocht.

(a) Pléigh an ráiteas seo maidir le hathruithe ar phatrúin oibre agus cailiteanas post.

[6]

Chruthaigh foghlaim ar líne go leor buntáistí d'fhoghlaimoirí nach bhfuil ábalta freastal ar ranganna foirmeálta.

(b) Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste as oiliúint ar líne.

1. _____

2. _____

[2]



12 Is gníomhaíocht í próiseáil a dhéanann an ríomhchóras.

(a) Sa tábla thíos, cuir an focal “Baisc” sa ró is fearr a chuireann síos ar bhaiscphróiseáil.

Ráitis faoi phróiseáil	Freagairt
Sonraí a phróiseáil gasta go leor le dul i bhfeidhm ar iompraíocht an chéad ionchuir eile	
Próiseáil a chuireann ar chumas roinnt úsáideoirí an córas a úsáid ag an am céanna	
Sonraí a phróiseáil le chéile le linn aga neamhfhónaimh próiseálaí	

[1]

Tá Chen Chi ag foghlaim faoina chomhaid ríomhaire a chúltacú.

(b) Mínigh an téarma cúltaca.

[2]

Tá an spás atá ar fáil ar thiomántán cruá Chen Chi teoranta mar gheall ar a lán físchomhaid ardghléine a stóráil.

(c) Cad é mar is féidir leis an fhadhb seo a shárú?

[1]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR



NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	

Marc Iomlán

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.

I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

13768.02/1



24GDG1124